II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2021/1017 ÓN gCOIMISIÚN

an 15 Aibreán 2021

lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le tacaíocht d'fhorbairt tuaithe ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 58(7) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear rialacha maidir le híocaíocht dhíreach le feirmeoirí faoi scéimeanna tacaíochta faoi chuimsiú an chomhbheartais talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 637/2008 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 ón gComhairle ([2]), agus go háirithe Airteagal 6(3) agus Airteagal 7(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 11(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013, tá ar na Ballstáit méid na n-íocaíochtaí díreacha atá le deonú d'fheirmeoir i leith bliain féilire ar leith, de bhun Chaibidil 1 de Theideal III den Rialachán sin, a laghdú faoi 5 % ar a laghad i gcás an chuid den tsuim atá os cionn EUR 150 000. I gcomhréir le hAirteagal 7(2) den Rialachán sin, táthar le toradh measta an laghdaithe sin a chur ar fáil mar thacaíocht bhreise do bhearta faoi fhorbairt tuaithe.

(2) I gcomhréir leis an gceathrú fomhír d'Airteagal 11(6) de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013, thug na Ballstáit fógra don Choimisiún faoin 19 Feabhra 2021 maidir lena gcinneadh maidir leis an laghdú ar mhéid na n-íocaíochtaí díreacha agus leis an toradh measta ar an laghdú i leith na bliana féilire 2021. Leis na fógraí a thug an Bhulgáir, an tSeicia, an Danmhairg, an Eastóin, Éire, an Ghréig, an Spáinn, an Iodáil, an Laitvia, an Ungáir, an Ísiltír, an Pholainn, an Phortaingéil, an tSlóvaic agus an Fhionlainn luadh meastachán os cionn nialais.

(3) I gcomhréir leis an seachtú fomhír d'Airteagal 14(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013, thug an tSeicia, an Danmhairg, an Ghearmáin, an Ghréig, an Fhrainc, an Laitvia agus an Ísiltír fógra don Choimisiún maidir lena gcinneadh céatadán áirithe dá n-uasteorainn náisiúnta bhliantúil d'íocaíochtaí díreacha i leith na bliana féilire 2022 a chur ar fáil mar thacaíocht bhreise faoin gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) sa bhliain féilire 2021.

(4) I gcomhréir leis an seachtú fomhír d'Airteagal 14(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 thug an Chróit, Lucsamburg, an Ungáir, Málta, an Pholainn, an Phortaingéil agus an tSlóvaic fógra don Choimisiún maidir lena gcinneadh méid áirithe dá leithdháiltí CETFT 2022 a chur ar fáil mar íocaíochtaí díreacha don bhliain féilire 2021.

([1]) IO L 347, 20.12.2013, lch. 487.
([2]) IO L 347, 20.12.2013, lch. 608.

(5) Dá bharr sin, ní mór Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 a oiriúnú ionas go léireofar le huasteorainneacha náisiúnta agus glan-uasteorainneacha bliantúla le haghaidh íocaíochtaí díreacha na cinntí a dhéanfaidh an Bhulgáir, an tSeicia, an Danmhairg, an Ghearmáin, an Eastóin, Éire, an Ghréig, an Spáinn, an Fhrainc, an Chróit, an Iodáil, an Laitvia, Lucsamburg, an Ungáir, Málta, an Ísiltír, an Pholainn, an Phortaingéil, an tSlóvaic agus an Fhionlainn. Chomh maith leis sin ní mór Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 a oiriúnú ionas go léireofar go cothrom, leis an miondealú bliantúil de réir Bhallstát an Aontais, na cinntí sin.

(6) Ba cheart Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 agus Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 a leasú dá réir sin.

(7) Ós rud é go ndéanann na leasuithe a dhéantar leis an Rialachán seo ar Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 difear do chur i bhfeidhm an Rialacháin sin don bhliain 2021, go háirithe a mhéid a bhaineann le bunú tráthúil uasteorainneacha buiséadacha is infheidhme maidir le scéimeanna áirithe tacaíochta dírí, ba cheart don Rialachán seo teacht i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus ba cheart go mbeadh feidhm ag na leasuithe sin ón 1 Eanáir 2021,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Leasaítear Iarscríbhinn II agus Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag Airteagal 2 ón 1 Eanáir 2021.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 15 Aibreán 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

I gCuid a Dó d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013, cuirtear an méid seo a leanas in ionad cholún 2022:

	"2022
an Bheilg	82 800 894
an Bhulgáir	284 028 644
an tSeicia	267 027 708
an Danmhairg	136 972 060
an Ghearmáin	1 387 301 738
an Eastóin	88 031 648
Éire	311 641 628
an Ghréig	651 537 600
an Spáinn	1 081 564 825
an Fhrainc	2 008 001 070
an Chróit	276 679 401
an Iodáil	1 355 921 375
an Chipir	23 770 514
an Laitvia	142 745 173
an Liotuáin	195 495 162
Lucsamburg	11 626 644
an Ungáir	384 539 149
Málta	19 334 497
an Ísiltír	129 378 369
an Ostair	520 024 752
an Pholainn	1 004 725 539
an Phortaingéil	455 640 620
an Rómáin	967 049 892
an tSlóivéin	110 170 192
an tSlóvaic	234 975 909
an Fhionlainn	354 551 956
an tSualainn	211 889 741
Iomlán AE-27	12 697 426 700
Cúnamh teicniúil	30 272 220
Iomlán	12 727 698 920"

IARSCRÍBHINN II

Leasaítear Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 mar a leanas:

(1) in Iarscríbhinn II, cuirtear an méid a leanas in ionad an cholúin don bhliain féilire 2021:

Bliain féilire	"2021
an Bheilg	494 926
an Bhulgáir	788 626
an tSeicia	848 107
an Danmhairg	802 001
an Ghearmáin	4 620 753
an Eastóin	190 715
Éire	1 186 282
an Ghréig	1 797 077
an Spáinn	4 800 590
an Fhrainc	6 736 440
an Chróit	364 968
an Iodáil	3 628 529
an Chipir	47 648
an Laitvia	314 055
an Liotuáin	569 965
Lucsamburg	33 432
an Ungáir	1 305 715
Málta	5 244
an Ísiltír	661 382
an Ostair	677 582
an Pholainn	3 360 049
an Phortaingéil	680 873
an Rómáin	1 891 805
an tSlóivéin	131 530
an tSlóvaic	417 082
an Fhionlainn	515 713
an tSualainn	685 676";

(2) in Iarscríbhinn III, cuirtear an méid a leanas in ionad an cholúin don bhliain féilire 2021:

Bliain féilire	"2021
an Bheilg	494,9
an Bhulgáir	789,3
an tSeicia	847,1
an Danmhairg	801,3
an Ghearmáin	4 620,8

an Eastóin	190,7
Éire	1 186,3
an Ghréig	1 981,1
an Spáinn	4 859,1
an Fhrainc	6 736,4
an Chróit	365,0
an Iodáil	3 622,5
an Chipir	47,6
an Laitvia	313,8
an Liotuáin	570,0
Lucsamburg	33,4
an Ungáir	1 275,5
Málta	5,2
an Ísiltír	661,3
an Ostair	677,6
an Pholainn	3 345,3
an Phortaingéil	681,0
an Rómáin	1 891,8
an tSlóivéin	131,5
an tSlóvaic	415,3
an Fhionlainn	515,7
an tSualainn	685,7”